Iascairí gan obair

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi iascairí atá fágtha gan obair agus gan airgead. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, an féidir leat na focail ar chlé a cheangal leis na cinn ar dheis?

1. faoi chúram an Stáit	a. *port*
2. go mídhleathach	b. *the power*
3. tuarastal	c. *detention centre*
4. visa idirthurais	d. *State Agencies*
5. calafort	e. *transit visa*
6. Cónaidhm	f. *care of the state*
7. ionad coinneála	g. *Protective Services*
8. ceadúnas	h. *licence*
9. an chumhacht	i. *human trafficking*
10. dóthain monatóireachta	j. *salary*
11. Gníomhaireachtaí Stáit	k. *enough monitoring*
12. gáinneáil ar daoine	l. *Federation*
13. Seirbhísí Cosanta	m. *illegally*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13



Ceist 2 Tabhair buille faoi thuairim faoi ábhar na tuairisce sula bhféachann tú uirthi. Ansin, féach ar an mír le fáil amach an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus ceangail an t-eolas ar chlé leis an eolas cuí ar dheis.

1. Gána…	a. … agus míle punt steirling sa mhí geallta
2. Ceathrar fear…	b. … dúradh leo imeacht agus nach raibh aon obair ann.
3. Obair bliana …	c. … in Ionad Coinneála Bhaile Seiscinn
4. Ó dheireadh mhí Eanáir …	d. … a tugadh isteach go mídhleathach sa tír
5. Ar 10/04 …	e. ... ag tacú leis na fir

6. Conarthaí *North Coast Trawlers* a bhí acu …	f. …ar chósta thiar na hAfraice
7. Tá siad ag stopadh …	g. …mar sin ní raibh siad in ann obair do dhaoine eile.
8. Deir na Gardaí go bhfuil siad …	h. …bhí siad ag obair ar bháid iascaigh i gcalafoirt sa tír.

1	2	3	4	5	6	7	8

Ceist 4 '…*Mí Feabhra*…'

Féach ar an sampla thuas agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Breac síos míonna na bliana.
2. Cuir an focal 'mí' roimh na míonna ansin agus déan cibé athrú is gá.
3. Conas a scríobhann tú dátaí sa Ghaeilge? Tabhair sampla.

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí plé ar bhrí na logainmneacha a bhí le cloisteáil sa mhír:

Béal Feirste
Ros an Mhíl
Ard Ghlais
Binn Éadair
Dún Mór

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cén fáth a mbíonn báid iascaigh in Éirinn agus i Sasana ag cuardach oibrithe ó thíortha eile, dar leat?
2. An obair chrua é a bheith ag obair ar bháid iascaigh cosúil leis na cinn sa mhír, dar leat?
3. An gcreideann tú go gcaitheann na hÉireannaigh go maith le hinimircigh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
f	m	j	e	a	l	c	h	b	k	d	i	g

Ceist 2

Déan iarracht an rang a chur ag caint faoi ábhar na míre sula seinntear é. Cuir an tuairisc ar siúl ansin.

Ceist 3

1	2	3	4	5	6	7	8
f	d	a	h	b	g	c	e

Ceist 4

1 & 2

Eanáir	Mí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag

3.
19 Aibreán 2018
27 Meitheamh 1977

Ceist 5

Béal Feirste – bruach gainimh i mbéal na habhann
Ros an Mhíl – *headland of the whale*
Ard Ghlais – *green height*
Binn Éadair – *Éadar's peak*
Dún Mór – *the big fort*

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Maolra Mac Donnchadha
Tá ceathrar fear as Gána ar chósta thiar na hAfraice, tugtha faoi chúram an Stáit. Ceaptar gur tugadh isteach sa tír go mídhleathach iad i mí Eanáir, ar an tuiscint go mbeidís ag obair ar bháid iascaigh as an mBreatain. Chaith siad seal ag obair i Ros an Mhíl agus i gcalafoirt eile.

Irene Ní Nualláin
D'éirigh le Joshua Baafi, John Ninson, Noel Adabblah agus James Effirim conradh oibre a fháil leis an gcomhlacht *North Coast Trawlers*, atá lonnaithe in Ard Ghlais i gContae an Dúin agus i mBaile Átha Cliath. Obair bliana a bhí geallta dóibh, £1,000 steirling sa mí[1] an tuarastal a bhí luaite sna conarthaí a bhí acu, agus bhí víosa idirthurais sa mBreatain[2] acu lena mbealach a dhéanamh chomh fada le calafort Bhéal Feirste.

Ó dheireadh mhí Eanáir, d'oibrigh na fir ar bháid iascaigh i gcalafoirt éagsúla ar fud na tíre – i mBinn Éadair, Dún Mór, Ros an Mhíl agus i gcalafoirt i gContae an Dúin.

Deir na fir gur oibrigh siad 20 uair an chloig gan briseadh go minic. D'íoc an comhlacht tuarastal na bhfear i mí Feabhra agus Márta. Ach ar an 10 Aibreán agus iad ag cur caoi ar bhád i mBinn Éadair, dúradh leo imeacht den bhád agus nach raibh aon obair ann. De bharr gur bhain na conarthaí a bhí acu le *North Coast Trawlers* amháin, ní raibh siad ábalta tuilleadh oibre a lorg.

Chuaigh siad i dteagmháil le Cónaidhm Idirnáisiúnta na nOibrithe Iompair faoina gcás. Tá na fir faoi chúram an stáit ó Dé Aoine, agus iad ag fanacht in Ionad Coinneála Bhaile Seiscinn i mBaile Átha Cliath. Tá ráiteas déanta acu leis na Gardaí faoin méid a tharla.

Deir Ken Fleming ón gCónaidhm gur faoi úinéirí na mbád atá sé ceadúnais a n-oibrithe a lorg, agus ní na hoibrithe féin, rud a fhágann go bhfuil an chumhacht uilig[3] ag na húinéirí. Deir sé nach bhfuil dóthain monatóireachta ar bun ag Gníomhaireachtaí Stáit faoin méid atá ar siúl ar bháid iascaigh atá cláraithe sa tír – Bord Iascaigh Mhara, Roinn na Mara agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ina measc.

Idir an dá linn, deir Joshua nach bhfuil uathu ach a gcuid ceart[4]. Deir sé nár bhris siadsan an conradh a bhí acu le *North Coast Trawlers*, agus go bhfuil uafás orthu faoin méid a tharla.

Tá an scéal seo á fhiosrú ag na Gardaí. Deir urlabhraí thar ceann na nGardaí tráthnóna go bhfuil Aonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine ag tabhairt tacaíochta do na fir chomh maith leis an mBiúró Náisiúnta um Sheirbhísí Cosanta[5].

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[1] Córas Chonnacht
[2] Córas Chonnacht
[3] *uile* an leagan caighdeánach
[4] *a gcuid cearta* a dúradh
[5] *Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta* an teideal oifigiúil